

Aighneacht ó Chonradh na Gaeilge

- Measúnú Rioscaí Náisiúnta 2018

CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR:

Tacaíonn Conradh na Gaeilge go láidir leis an gcoincheap atá mar bhunús den Mheasúnú Riosca Náisiúnta. Creideann muid go bhfuil sé tábhachtach próiseas intomhaiste náisiúnta a bheith ann chun teacht roimh rioscaí atá inaitheanta, agus mar thoradh ar sin, a chinntiú go nglacfar cinntí agus go gcuirfear chuir chuige i bhfeidhm lena cinntiú go mbainfear an dochar as na rioscaí sin.

MOLADH:

Mar aon leis an liosta rioscaí atá aitheanta i ndrúachtcháipéis an Rialtais is mian le Conradh na Gaeilge an riosca seo leanas a chur leis an liosta sin.

Riosca: Géarchéim teanga na Gaeltachta - Go gcaillfear ceantair Ghaeltachta na tíre mar cheantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar ghnáth theanga pobail

FAISNÉIS A LÉIRÍONN AN RIOSCA SEO:

- De réir fhigiúirí Dhaonáireamh na bliana 2016¹ bhí 20,586 cainteoir laethúil Ghaeilge, lasmuigh den chóras oideachais, ina chónaí sna ceantair aitheanta Ghaeltachta. B'ionann é seo agus titim 11.2% ar líon na gcainteoirí laethúil i ndaonáireamh na bliana 2011(23,175).
- Tá eolas cuimsitheach ar leochaileacht na ceantair Ghaeltachta ar fáil sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a d'ullmhaigh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sa bhliain 2007.²
- Tá an leochaileacht seo treisithe sa staidéar, Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 -2011³, a rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i 2015 d'Údarás na Gaeltachta.
- Tá forbairt réimse leathan fostaíochta agus tionscail lárnach san obair chun pobal inmharthanachta a chothú sa Ghaeltacht, obair atá mar chúram ag Údarás na Gaeltachta. Tá cumas an Údaráis chun an obair seo a chur i gcrích srianta go mór ceal easpa maoinithe, mar atá léirithe sa cháipéis Infheistíocht sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht ó 2018 ar aghaidh.⁴

TÁBHACHT AN T-ÁBHAR RIOSCA:

- Tá tábhacht na Gaeltachta aitheanta ag an Rialtas sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge⁵ mar a bhfuil an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú 25% luaite mar cheann de phríomhspriocanna na Straitéise.
- Má táthar chun sprioc eile de chuid eile de chuid na Straitéise “an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000” a bhaint amach beidh tábhacht faoi leith le cúrsaí oiliúna agus foghlama. Beidh ról lárnach ag an nGaeltacht sa phróiseas seo, mar atá aitheanta ag pobal na hÉireann i dtuarascáil taighde Chonradh na Gaeilge “Céard é an Scéal 2017”⁶. Léiríonn ceist a chúig den Tuarascáil sin “An Ghaeltacht mar acmhainn d’fhoghlaimoirí” go gcreideann 78% de phobal an Stáit gur acmhainn fíorthabhachtach í an Ghaeltacht do dhaoine atá ag foghlaim na Gaeilge.
- Tá aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta ann do thábhacht na Gaeltachta mar fhoinsé chultúr, oidhreacht agus ealaíon bhéal na Gaeilge, saibhreas a bheidh caillte má chailltear na ceantair Ghaeltachta.
- Tá tábhacht na Gaeltachta aitheanta ag Uachtarán na hÉireann, Micheal D Higgins agus é ag labhairt ag ócáid de chuid Bhliain na Gaeilge, BEO nuair a dúirt sé “Tá dúshlán faoi leith os

¹

https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Caibidil_7_An_Ghaeilge_agus_An_Ghaeltacht_nuashonr%C3%BA.pdf

² <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/12/staidear-cuimsitheach-teangeolaioch-ar-usaid-na-gaeilge-sa-ghaeltacht-tuarascail-iomlan.pdf>

³ http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf

⁴ https://cnag.ie/images/GaelV%C3%B3ta/24SA2017_Plean_MaoiniuBreise.pdf

⁵ <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>

⁶ <https://www.peig.ie/images/Taighde/cemin.pdf>

comhair mhuintir na Gaeltachta ach tá gá le tacaíocht sa bhreis uathu chun an tseoid seo dár gcultúr a choimeád slán. Caithfimid aitheantas ar leith a thabhairt, agus ceiliúradh ar leith a dhéanamh ar phobail na nGaeltachtaí i mbliana, agus gach iarracht le cinntiú go mbeidh todhchaí inmharthana acu. Is iad na Gaeltachtaí tobair na teanga sa tír seo, agus tá sé riachtanach go n-aithneoidimid chomh luachmhar is atá siad. "

CEAHTANNA LE FOGHLAIM:

Mar atá luaite sa réamhrá den dréachtcháipéis Measúnú Rioscaí Náisiúnta tá sé riachtanach foghlaim ón am atá caite lena chinntiú nach leantar ag déanamh na botúin céanna bliain i ndiaidh bliana. I gcás na Gaeltachta níl aon amhras ach go bhfuil botúin déanta in imeacht na mblianta agus go bhfuil gá sraith gníomh a ghlacadh anois chun todhchaí na Gaeltachta a chinntiú.

Tá Conradh na Gaeilge ag moladh an tsraith ghníomh seo leanas do Roinn an Taoisigh bunaithe ar an riosca don Ghaeltacht atá aitheanta againn.

- Buiséad chaipiteal Údarás na Gaeltachta a mhéadú go €12 milliún don bhliain 2019.
- Breis maoiniú a chur ar fáil don phróiseas pleanála teanga Ghaeltachta chun cur ar chumas na Coistí Pleanála Teanga a bpleananna teanga a chur i gcrích ina iomláine.
- Cinntiú go mbeidh gach seirbhís Stát á chur ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

8 Meitheamh 2018

Peadar Mac Fhlannchadha

Bainisteoir Abhcóideachta, Leas-Ardrúnaí